**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe*

**2023/0260M(NLE)**

5.10.2023

# DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

chuig an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

ar an gCreat-Chomhaontú Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile (2023/0260M(NLE))

Rapóirtéir don tuairim: Francisco Guerreiro

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí gurb í an tSile an tríú comhpháirtí trádála is mó atá ag an Aontas i Meiriceá Laidineach agus gur comhpháirtí trádála fadtéarmach straitéiseach í, arb iad torthaí, éisc agus táirgí foraoise a honnmhairí príomha don Aontas;

B. de bhrí, leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an tSile, atá i bhfeidhm ó 2003, go bhfuil an trádáil dhéthaobhach méadaithe go mór, lena n-áirítear san earnáil agraibhia, agus gur gá í a nuachóiriú anois;

C. de bhrí go bhfuil béim curtha ar an ngá atá le comhpháirtithe trádála éagsúla agus slabhraí luacha iontaofa a bheith ann ag na géarchéimeanna domhanda le gairid agus mar gheall ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine; de bhrí gur bealach amháin é chun an riachtanas seo a chomhlíonadh ná caidrimh thrádála a neartú le comhpháirtíochtaí a bhfuil tuairimí cosúla acu;

D. de bhrí gur cheart go rannchuideodh beartas trádála le caighdeáin chomhshaoil agus leas na n-ainmhithe a ardú agus go n-áiritheofar leis go n-urramófar cearta an duine, go háirithe cearta na bpobal dúchasach, agus dá réir sin go n-áiritheofar caighdeáin arda agus cothrom iomaíochta;

1. á chur i bhfios gur geal léi nuachóiriú an chaidrimh trádála idir an tAontas agus an tSile trí fhorálacha inbhuanaitheachta nua a chuimsiú sa chaibidil maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe den Chreat-Chomhaontú Ardleibhéil idir an tAontas agus an tSile, chomh maith le clásal athbhreithnithe chun caighdeáin chomhshaoil agus shóisialta athraitheacha a chur san áireamh; ag tabhairt dá haire, áfach, go bhfuil easpa smachtbhannaí sa chaibidil maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe;

2. á chur in iúl gur oth léi, cé go gceanglaítear leis an gComhaontú ar an dá pháirtí Rannchuidithe arna gCinneadh go Náisiúnta a chur chun feidhme, nach dtagann Comhaontú Pháras ná coinbhinsiúin EIS faoin bpríomhchaibidil maidir le réiteach díospóidí;

3. á admháil go bhfuarthas réidh le taraifí ar onnmhairí ón Aontas, a chiallaíonn go bhfuil 99.9 % d’onnmhairí saor ó tharaifí;

4. á aithint go gcosnaítear 216 thásc gheografacha talmhaíochta san Aontas agus 18 dtásc gheografacha sa tSile leis an gComhaontú;

5. á chur in iúl gur geal léi go gcuimsítear caibidil thiomnaithe faoi chórais bhia inbhuanaithe, a chuireann comhar déthaobhach idirnáisiúnta i dtreo córas bia inbhuanaithe chun cinn, lena n-áirítear forálacha do leas na n-ainmhithe; á chur in iúl gur oth léi, áfach, nach mbainfear cuspóirí na Straitéise ‘ón bhFeirm go dtí an Forc’ amach leis an uaillmhian sin;

6. á áitiú nach mór do tháirgeoirí Sileacha a onnmhairíonn táirgí don Aontas na caighdeáin chéanna le caighdeáin fheirmeoirí an Aontais a chur i bhfeidhm maidir le hinrianaitheacht, leas na n-ainmhithe agus úsáid táirgí íocshláinte tréidliachta agus fíteashláintíochta.